C/2023/708

8.11.2023

**Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(C/2023/708)

**F**oilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**‘Coteşti’**

**PDO-RO-A1577-AM04**

**Dáta teachtaireachta: 16 Lúnasa 2023**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**Cineál nua fíonchaoire a thabhairt isteach sa táirgeadh fíona**

Rinneadh an tsonraíocht a fhorlíonadh le cineál fíonchaoire Cabernet Franc, atá le ceadú maidir le táirgeadh fíona shocair i limistéar críochaithe Cotești, ónar féidir fíonta socra dearga/rosé a fháil.

Ceadaítear saothrú an chineáil Cabernet Franc ar an leibhéal náisiúnta le hOrdú MADR Uimh. 273/2020 lena bhformheastar an liosta cineálacha fíonchaoire a fhéadfar a chur, a athchur agus a bheangú sa Rómáin chun fíon a tháirgeadh.

Ceadaítear na cineálacha a leanas le haghaidh fíonta dearga/rosé: Fetească neagră, Cabernet Sauvignon, Merlot, Pinot Noir, Băbească neagră, Burgund mare, Cadarcă, Syrah agus Cabernet Franc.

Cuireadh tionscadail arna maoiniú le cistí Eorpacha chun feidhme laistigh de pharaiméadar an limistéir shainithe, lena mbaineann bearta tiontaithe nó athstruchtúraithe atá dírithe ar fheidhmíocht a fheabhsú ó thaobh acmhainneacht fhíonsaothraithe ATFC Cotești trí húsáid a bhaint as coinníollacha sonracha an limistéir trí chineálacha dúchasacha (Tămâioasă Românească, Busuioacă de Bohotin, Fetească Regală, Fetească Albă, Feteasca Neagră) den chuid is mó a chur agus roinnt cineálacha idirnáisiúnta (Chardonnay, Cabernet Sauvignon, Sauvignon, Muscat Ottonel) freisin.

Tá cineál Cabernet Franc ar cheann de na cineálacha arna gcur faoi na cláir tiontaithe/athstruchúraithe. Tá na plandálacha suite laistigh de limistéar an lárionaid fhíonsaothraithe Dumbrăveni/Dragosloveni, agus tá an cineál á úsáid don fhíonsaothrú ó bhí 2022 ann. Le measúnuithe ar cháilíocht na bhfíonchaor arna mbuaint áirithítear gurb ann do na dálaí riachtanacha dóibh le gur féidir iad a úsáid um fhíonta socra de cháilíocht ATFC.

Áirithíonn an cineál sin go n-áirítear limistéir arna gcur de réir na mbeart sonrach earnála, a ghlactar chun an céatadán de fhíonta ATFC/táisc gheografaigh a tháirgeann saothróirí fíona a mhéadú, san áireamh sa chóras údaraithe/clárúcháin um cháilíocht ATFC.

Tá saintréithe sonracha ag an limistéar táirgthe mar gheall ar an gcineál ithreach (seornaiseom glárach, sil-leagain deireanacha abhann-lochacha le huigeachtaí gainimh, dúrabháin, dúrabhán-cré agus cré den chuid is mó), an líon measartha ard de laethanta gréine a d’fhéadfadh cur le carnadh measartha ard dea-bholaidh agus datha, teas gréine saibhir, flosc radantach flúirseach agus meán-uaireanta gréine, a n-áirithíonn siad go léir coinníollacha optamacha fáis um chineál Cabernet Franc. Tá séasúr fáis fada ag an gcineál sin, agus is gá é a bhuaint ag lánaibíocht chun a chuid dea-bholaithe sainiúla (beagán spíosrach, torthaí foraoise úra) a fhorbairt agus ardmhéid siúcra a charnadh.

Leasaíodh Caibidil III agus IV den tsonraíocht táirge agus pointe 5.2 agus 7 den doiciméad aonair.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Coteşti

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **TUAIRISC AR AN bhFÍON NÓ AR NA FÍONTA**

1. ***S**aintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha fíonta nuair a scaoiltear iad lena n-ól*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fetească albă — fíon fíneáilte, neodrach ó thaobh dea-bholaidh; nuair a choiptear ar theochtaí ísle é, féadfaidh sé dea-bholaithe coipthe áirithe a fhorbairt.

Fetească regală — fíon séimh, le dea-bholadh éadrom úll, blas bláthanna.

Galbenă de Odobeşti - dea-bholadh éadrom, fíon a bhfuil acmhainn íseal alcóil aige.

Tămâioasă românească — tá saibhreas aramatach air ina chéad bhlianta, agus dea-bholadh rósanna milse; le haosú, tá dea-bholadh muisc, rísíní, meala agus spíosraí aige.

Şarbă — citreas, nótaí luibhe, le beogacht, úire, dea-bholaithe bláthacha róis, basal.

Frâncuşa — fíonta a bhfuil neart alcóil measartha agus saintréithe aramatacha acu.

Crâmpoşia — dath scothbhuí/bán le fordhathanna scothghlasa agus dea-bholadh fíneáilte de thorthaí úra.

Riesling — blas neodrach.

Sauvignon — fíonta tirime, le haigéadacht mheánach nó ard, úire shuntasach, blasanna luibhe, nó dea-bholaithe torthaí trópaiceacha milse, dea-bholadh bláthanna fíniúna go minic.

Chardonnay — dea-bholaithe éagsúla, neodrach, cosúil le him, trópaiceach; a bhuí lena aigéadacht, is amhábhar an-mhaith é le haghaidh fíon súilíneach.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | 15 |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 20 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | 250 |

2. *Saintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha fíonta nuair a scaoiltear iad lena n-ól*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fetească neagră — saintréithe géara, déantar an fhíonóireacht chun fíon leath-thirim agus leathmhilis a dhéanamh lena gcuirtear béim ar dhea-bholadh sonrach na bplumaí griantriomaithe, dath dearg-chorcairghorm i bhfíonta óga.

Băbească neagră — fíon le neart alcóil féideartha 10-11 % de réir toirte.

Cabernet Sauvignon — fíon atá oiriúnach le haghaidh aibithe agus aosaithe, é aramatach le blasanna fiáine, adhmaid, agus dea-bholaithe piobar glas agus cuiríní dubha aige.

Merlot — tathag measartha, dea-bholaithe láidre sútha craobh, plumaí agus cuiríní dubha, an cineál is fearr lena chumasc le Cabernet Sauvignon.

Pinot noir — mar fhíon óg, bíonn blasanna silíní, plumaí agus sútha talún (torthaí aibí agus dearga) air; de réir mar a théann sé in aois, bíonn blasanna rísíní, féir thirim, tobac, leathair, muisiriún agus piobair dhuibh air, agus bíonn dath ruadhonn trédhearcach air.

Syrah — blas cumhachtach air a chuireann torthaí na foraoise duibhe, spíosraí, liocras, seacláid dhubh agus piobar i gcuimhne. Tá a dhlús os cionn an mheáin, agus is iondúil go mbíonn cion ard tainnine aige, rud a fhágann go n-oireann sé go maith do bhia spíosrach, uaineoil agus géim. Sa phróiseas fíonóireachta, is minic go mbíonn sé ina aonar, ach is an-mhinic a chuirtear le cineálacha eile (Cabernet Sauvignon nó Merlot) é, rud a chuireann le fíon snasta a bhfuil fad saoil maith aige. Bíonn cion ard siúcra agus cion ard alcóil aige, bíonn dath glédhearg air, le gealáin chorcra, le dea-bholaithe, piobair, silíní dubha, torthaí foraoise úra, aigéadacht chothromaithe agus uigeacht veilbhite.

Cabernet Franc - fíon le neart alcóil atá ard agus comhtháite go maith, dath dearg geal/dian, dea-bholaithe piobair, silíní dubha, blasanna torthaíocha de thorthaí foraoise úra, tathag measartha agus blasanna spéisiúla de ghlasraí. Blasanna milse agus spíosracha air uaireanta, is minice a bhíonn ina chineál aonair ach d'fhéadfadh freisin go mbeadh sé bainteach le cineálacha eile fíonóireachta.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | 15 |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 3,5 i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 20 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | 250 |

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fíonóireachta shonracha*

1. Cleachtais fíonóireachta

Cleachtas fíonóireachta sonrach

Is féidir fíonta geala agus rosé a fháil ó na cineálacha Pinot gris agus Traminer roz, ag brath ar roghanna teicneolaíochta an táirgeora.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Sauvignon, Pinot gris, Chardonnay, Muscat Ottonel, Traminer aromat

   14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Tămâioasă românească, Busuioacă de Bohotin, Traminer roz

   14 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Fetească albă, Riesling de Rhin, Băbească gri, Crâmpoșie selecționată, Șarba, Băbească neagră, Burgund mare, Cadarcă, Negru Aromat

   15 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Fetească regală, Riesling italian, Aligote, Frâncușă, Galbenă de Odobești, Mustoasă de Măderat, Plăvaie, Furmint

   18 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Syrah

   21 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. Fetească neagră, Cabernet Sauvignon, Pinot noir, Merlot, Cabernet Franc

   17 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. fíonta geala, fíonta rosé

   135 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. fíonta dearga

   130 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Vrancea

— Bardais: Vârteșcoiu, Câmpineanca, Pietroasa, Faraoanele, Râmniceanca, Beciu, Pietroasa, Olteni;

— Bardais: Broșteni, Căpătanu, Pituluşa, Arva

— Bardais: Cârligele, Dălhăuți, Bonțești, Blidari;

— Bardais: Cotești, Budești, Valea Cotești, Goleștii de Sus;

— Bardais: Urecheşti, Popeşti, Tercheşti;

— Bardais: Dumbrăveni, Dragosloveni, Cândești, Alexandru Vlahuță, Dumbrăveni;

— Bardais: Bordești, Bordeștii de Jos;

— Bardais: Tâmboești, Slimnic, Trestieni, Pietroasa, Pădureni, Obrejița

— Bardais: Slobozia Bradului, Sihlea, Coroteni, Valea Beciului, Cornetu, Olăreni;

— Bardais: Slobozia Ciorăști, Jilişte, Armeni.

Contae Buzău

— Bardais: Grebănu, Zăplazi, Livada, Livada Mică, Plevna, Homești;

— Bardais: Podgoria, Oraţia, Coţatcu, Tăbăcari.

— Bardais: Topliceni, Răducești.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaoire**

Aligoté B - Plant de trois, Plant gris, Vert blanc, Troyen blanc

Babeasca gri G

Băbească neagră N - Grossmuttertraube, Hexentraube, Crăcana, Rară neagră, Căldărușă, Serecsia

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Cadarcă N - Schwarzer Kadarka, Rubinroter Kadarka, Lugojană, Gâmză, Fekete budai

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Crâmpoşie selecționată B

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Konigliche Madchentraube, Konigsast, Ktralyleanka, Dănăşană, Galbenă de Ardeal

Frâncuşă B - Vinoasă, Mildweisser, Mustoasă de Moldova, Poamă creață

Muscat Ottonel B — Muscat Ottonel blanc

Mustoasă de Măderat B - Lampau, Lampor, Mustafer, Mustos Feher, Straftraube

Negru Aromat N

Pinot Gris G - Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Riesling italian B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Syrah N - Shiraz, Petit Syrah

Traminer Rose Rs - Rosetraminer, Savagnin Rose, Gewürztraminer

Șarba B

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

Tá limistéar ATFC Cotești lonnaithe ar thaobh deisceartach bhunchnoic Vrancea ar an taobh thoir de na Sléibhte Cairp agus na Sléibhte Fo-Chairp, agus é mar shíneadh d'fhíonghoirt Panciu agus Odobești, atá lonnaithe ó thuaidh. Le chéile, déanann na trí cinn acu 'Fíonghoirt Vrancea' nó 'Fíonghoirt Putna' a bhfuil an-aithne orthu. Leagtar amach i rónna é ag rith ón tuaisceart go dtí an deisceart idir gleannta aibhneacha Milcov agus Râmna. Forleagann sé an crios trasdula bunchnoic bitheolaíochta, péideolaíochta agus aeráide idir 'Câmpia Română' (an Mhá Rómáinis) ar an taobh thoir (airdí faoi 100 m) agus an stua Fo-Chairp ar an taobh thiar (Cnoc Deleanu, 698 m agus Cnoc Căpățânei, 592 m) ar airde níos mó ná 300 m.

An cineál carraige - Sealaíocht idir gainimh agus gairbhéal na mbunchnoc ón bPléisticéineach Íochtarach agus Meánach, cumhdaithe le maintlín dríodair lóis chré agus ghainmhigh. Tá an spruadar ilchríochach Pléisticéineach sin ar bharr na cré muirí, an ghainimh agus na ndríodar marla Pléicéineach.

Rilíf - Leathan, stráicí garchothrománacha idir aibhneacha, le solas gréine orthu ó theas agus ó thoir go príomha, ach tairbhíonn na fánaí thiar de sholas gréine leordhóthanach freisin agus, mar sin, tá siad oiriúnach chun fíniúnacha a shaothrú, ar léir uaidh sin líon ard na bhfíonghort.

Aeráid - Soláthraíonn an steip fhoraoise sa limistéar seo go sonrach dálaí den scoth chun cineálacha fíonchaor ardcháilíochta a fhás, a bhuí le teas gréine saibhir agus réim báistí fhabhrach go príomha. Leis an bhflosc radantach flúirseach agus na meán-uaireanta gréine, áirithítear go bhfuil na dálaí is fearr ann le haghaidh fás fíniúnacha, aibiú fíonchaor agus tiúchan siúcra i bhfíonchaora.

8.2. *Mionsonraí an táirge, idirghníomhaíocht chúisíoch*

Bíonn dath dian ar na fíonta dearga, bíonn tathag measartha acu, le dea-bholaithe aramatacha príomha de shútha craobh, prúnaí, cuiríní, silíní, sútha talún, rísíní, beacáin agus piobar dubh, le haigéadacht chothromaithe, veilbhite.

Bíonn na fíonta geala úr, le dea-bholaithe citris nó torthaí trópaiceacha, dea-bholaithe bláthacha róis, basal de ghnáth, le blas úr, an aigéadacht is fearr, dea-bholadh úll glas úr uaireanta freisin.

A bhuí le haigéadacht na hithreach, bíonn úire agus saintréithe fíona ag na fíonta geala, le bolaithe de thorthaí úra.

Bíonn na fíonta dearga veilbhitiúil le tainniní dea-chomhtháthaithe a bhuí leis an aeráid ar leith atá sa steip foraoise lena ngabhann acmhainní teirmeacha gréine. Leis an meánfhad gréine, áirithítear an fhorbairt is fearr de na fíniúnacha agus an tiúchan siúcra sna fíonchaora.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Maolú ar tháirgeadh

Creat dlíthiúil:

I Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I ndálaí aeráide áirithe, a mbíonn tionchar dearfach acu, i gcomhar le hacmhainn cineálacha áirithe, ar thorthaí plandálacha sa limistéar críochaithe, is féidir na muisc agus/nó na fíonta lena ngabhann ATFC Coteşti a phróiseáil lasmuigh den limistéar críochaithe freisin, sa limistéar comharsanach ina gcuireann na lárionaid fíona an acmhainneacht is fearr ar fáil. Leis an limistéar gaolmhar arna ainmniú chun na críche sin le haghaidh fíonóireacht thapa, fíonóireacht ar theocht rialaithe agus coipeadh ar theocht rialaithe chun acmhainn aramatach roinnt cineálacha a choimeád, áirítear na bardais a leanas de: Chontae Vrancea: Panciu, Movilița, Odobești, Unirea, Jariștea agus Bolotești.

Ag gach céim den phróiseas táirgeachta agus i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar shaintréithe agus cáilíochtaí an táirge a fhaightear, is féidir leis an táirgeoir na táirgí fíona a athaicmiú sna catagóirí táirge dá bhforáiltear sa reachtaíocht atá i bhfeidhm, chun comhlíontacht a choinneáil ar bun.

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Creat dlíthiúil:

I Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar roinnt tásc a thagraíonn do mhodhanna áirithe táirgthe a úsáid ar bhonn deonach, mar seo a leanas:

féadfar na tásca ‘fermentat in barrique [coipthe i mbairillí]’, ‘maturat in barrique [aibithe i mbairillí]’ ‘fermentat în prezența aşchiilor de stejar [coipthe i láthair slisíní darach]’ agus ‘maturat în prezența aşchiilor de stejar [aibithe i láthair slisíní darach]’ a thaispeáint ar an lipéadú i Rómáinis, nó féadfar téarmaí i dteangacha a úsáidtear go hidirnáisiúnta a úsáid chun an tomhaltóir a chur ar an eolas go mbaintear úsáid as an bpróiseas luaite, amhail ceann ar bith de na tásca a leanas:

‘fume’ nó ‘smoked’ nó ‘toasted’ sa Bhéarla, cibé acu atá nó nach bhfuil an téarma in éineacht leis a thugann tuairisc ar dhéine na cóireála teasa arna cur i bhfeidhm ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. ‘éadrom’, ‘measartha’ nó ‘trom’.

‘fumé’ nó ‘fumée’ i bhFraincis, cibé atá nó nach bhfuil an téarma in éineacht leis a thugann tuairisc ar dhéine na cóireála teasa arna cur i bhfeidhm ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. ‘légère’, ‘moyenne’, ‘forte’ nó ‘petite fumé’, ‘demi fumé’, ‘intense fumé’.

Féadfaidh na tásca sin a bheith in aon teanga eile a úsáidtear go hidirnáisiúnta nó i dteanga na tíre ina bhfuil sé beartaithe an táirge fíona a mhargú má roghnaíonn an táirgeoir fíona amhlaidh, chun an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi úsáid cleachtas a chuirtear i bhfeidhm ar fud an domhain chun fíonta a fháil lena ngabhann saintréithe céadfacha sainiúla.

I gcás fíonta a théann faoi thréimhse aibithe nó aosaithe ar na moirt, féadfar téarmaí a chuimsiú sa lipéad mar ‘sur lie’, ‘bâttonnage’ nó ‘aosaithe ar na moirt’.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_sarcini_doc_cotesti_modificat_cf_cereri_473_01.03.2022_si_1033_24.05.2023_no_track_changes.pdf